Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**9613/26**

| | |
|---|---|
| **POLGEN 130** | **EDUC 178** |
| **ECOFIN 663** | **ENER 273** |
| **EMPL 128** | **UEM 186** |
| **SOC 284** | **GENDER 44** |
| **COMPET 605** | **JAI 681** |
| **MI 518** | **JEUN 89** |
| **ENV 552** | **SAN 362** |
| **IND 354** | |
| ***ECB*** | ***EIB*** |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Seimeastar Eorpach − nóta chothrománach maidir le moltaí tírshonracha comhtháite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha comhtháite 2026, a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

**ULLMHÚCHÁN DON PHLÉ POLAITIÚIL SA CHOMHAIRLE AGUS SA CHOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LEIS NA MOLTAÍ TÍRSHONRACHA AGUS MAIDIR LE PACÁISTE AN tSEIMEASTAIR EORPAIGH (EARRACH 2026)**

An 3 Meitheamh 2026, d'eisigh an Coimisiún Pacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh le haghaidh 2026, lena n-áirítear tuarascálacha tíre agus moltaí le haghaidh moltaí tírshonracha do gach Ballstát. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle moltaí tírshonracha a ghlacadh an 10 Iúil 2026.

Tá Pacáiste seo an Earraigh ann tráth a bhfuil teannas geopholaitiúil méadaithe, luaineacht praghsanna fuinnimh, agus dúshláin leanúnacha iomaíochais ann, rudaí a éilíonn freagairt beartais chomhordaithe ón Aontas chun an athléimneacht, an uathriail straitéiseach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a neartú. Sula ndéanfar na moltaí tírshonracha a phlé agus a ghlacadh, is é is aidhm don nóta seo cur leis an díospóireacht pholaitiúil maidir le staid eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa. Sonraítear ann na dúshláin eacnamaíocha atá roimh na Ballstáit faoi láthair, agus déantar achoimre ann ar na bealaí beartais chun feabhas a chur ar an iomaíochas mar a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Coimisiún síos. Leagtar béim ann ar ról na moltaí tírshonracha maidir le comhordú an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta a chothú ar fud an Aontais. Dírítear ar thosaíochtaí trasearnálacha amhail an tslándáil fuinnimh, an tslándáil eacnamaíoch, an ullmhacht cosanta, agus an chothroime shóisialta. Rinneadh measúnú freisin ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bheith ann agus tugadh aghaidh ar mholtaí ábhartha do roinnt Ballstát. Aithnítear freisin an ról seanbhunaithe atá ag an gComhairle i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

**Timthriall an tSeimeastair Eorpaigh le haghaidh 2026: freagairt ar dhúshláin gheopholaitiúla agus eacnamaíocha**

**Tá Pacáiste Earraigh 2026 faoi réir éiginnteacht mhór gheopholaitiúil.** Léirigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin gur gá dlús mór a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa agus lena slándáil fuinnimh. Ag eascairt as an teannas leanúnach sa Mheánoirthear, tá luaineacht praghsanna fuinnimh ann arís agus suaitheadh sa slabhra soláthair. Tá na dúshláin sin ann i gcomhthéacs iomaíocht dhomhanda mhéadaithe, go háirithe maidir le rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar theicneolaíochtaí criticiúla, agus aird againn ar ghá níos práinní a bheith le gníomhaíocht i bhfianaise an athraithe aeráide.

**Leis an gcogadh san Úcráin, leagadh béim ar an ngá atá le cumais chosanta níos láidre agus ullmhacht shibhialta níos láidre san Aontas.** Leagtar béim i dtreochlár Ullmhachta Cosanta na hEorpa 2030 ar an ngá atá le hinfheistíocht leanúnach san acmhainneacht táirgeachta, sa soláthar comhpháirteach agus sa chibearshlándáil. Leis an tionscnamh um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE), tá iasachtaí fadtéarmacha dar luach EUR 150 billiún á gcur ar fáil le haghaidh soláthar cosanta, agus tá 18 bplean cosanta náisiúnta formhuinithe ag an gComhairle cheana féin. Ní mór tionscnaimh soláthair chomhpháirtigh (e.g. le haghaidh armlóin agus na haerchosanta) a mhéadú, agus comhiomlánú éilimh á éascú ag an gCoimisiún faoi 2027, agus tá uirlisí amhail iasachtaí SAFE agus an Ciste Eorpach Cosanta (CEC) ar fáil do na Ballstáit.

**Agus géarchéim fuinnimh ann, leagtar béim ar an ngá atá le fuinneamh glan slán inacmhainne .** Leis an bplean REPowerEU agus an tionscnamh AccelerateEU, cuirtear creataí ar fáil chun leanúint de spleáchais ar bhreoslaí iontaise a laghdú, foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, agus an bonneagar fuinnimh a fheabhsú. Tá coinne leis go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear garspriocanna agus spriocanna uile chaibidlí REPowerEU i gcrích faoina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faoi mhí Lúnasa 2026 agus go gcomhordóidh siad gníomhaíochtaí laistigh dá bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chun an sprioc maidir le laghdú 55 % ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 agus deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh ón Rúis faoi 2027. Ní mór bearta éigeandála chun arduithe tobanna ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú a bheith sealadach, spriocdhírithe agus inbhuanaithe go fioscach, agus méaduithe ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise á seachaint. Déanfaidh an Coimisiún comhordú ar athlíonadh stórála gáis ar fud an Aontais agus ar scaoileadh cúltaiscí comhchoiteanna ola chun aon chur isteach ar an soláthar a chosc.

**Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh bearta lena neartaítear athléimneacht struchtúrach chóras fuinnimh na hEorpa agus lena gcuirtear dlús leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise tairbhe a bhaint as an tsolúbthacht atá ann cheana laistigh den chreat fioscach.** Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún – arna iarraidh sin do na Ballstáit – raon feidhme an Chlásail Éalaithe Náisiúnta atá ann faoi láthair maidir le caiteachas cosanta a leathnú chun freastal ar na bearta a rinneadh ó mhí Feabhra 2026 chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le slándáil agus cosaint na hEorpa. Bheadh coimircí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach i bhfeidhm go hiomlán i gcónaí. Tabharfaidh an Coimisiún tuilleadh soiléireachta do na Ballstáit in am trátha maidir le ceanglais nós imeachta agus oibríochtúla na forála sin.

**Sa chomhthéacs sin, tá sé cruthaithe go bhfuil geilleagar an Aontais athléimneach ach go bhfuil leochaileachtaí struchtúracha le sárú aige.** Tá an fás táirgiúlachta fós lag, agus tá bearnaí suntasacha sa nuálaíocht go fóill. Tá na costais fuinnimh fós ard i gcomparáid le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus tá roinnt geilleagar de chuid an Aontais fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, rud a athdhearbhaíonn gur gá dlús a chur le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí a thacaíonn le leathnú breise an fhuinnimh in-athnuaite agus an bhonneagair ghaolmhair chun iomaíochas domhanda an Aontais a neartú. Tá tionchar fós ag ganntanais saothair agus ganntanais scileanna ar an ngeilleagar, go háirithe sna hearnálacha digiteacha, glasa agus cúraim sláinte. Tá an inacmhainneacht tithíochta ag dul in olcas agus tá neamhionannais shóisialta ar fud na hEorpa ag dul in olcas i gcónaí. Is é is aidhm do Sheimeastar Eorpach 2026 aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí athchóirithe agus infheistíochtaí comhordaithe, i gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

**An faireachas fioscach**

**In earrach 2026, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhlíontacht na mBallstát leis na moltaí ábhartha ón gComhairle.** Cumhdaítear le measúnú an Choimisiúin na blianta 2025 agus 2026 araon agus tá sé bunaithe go príomha ar chomparáid idir sonraí olltoraidh agus réamh-mheastacháin an Choimisiúin maidir le fás glanchaiteachais, ar thaobh amháin, agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle, ar an taobh eile, agus na clásail éalaithe náisiúnta um chosaint á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha.

**Cumhdaíodh na Ballstáit uile sa mheasúnú ón gCoimisiún: iad siúd atá faoin nós imeachta um easnamh iomarcach faoi láthair agus iad siúd nach bhfuil.** I gcás na mBallstát atá faoi réir an nós imeachta um easnamh iomarcach faoi láthair, rinne an Coimisiún measúnú ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar na moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta sin. I gcás Mhálta, mhol an Coimisiún don Chomhairle an nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm, ós rud é gur laghdaíodh an t-easnamh rialtais ghinearálta go rathúil agus go marthanach faoi bhun 3 % de OTI. I gcás na naoi mBallstát eile atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach[1] faoi láthair, mheas an Coimisiún gur cheart na nósanna imeachta uile a bheith ar stad: gur chloígh na Ballstáit lena mbaineann leis na moltaí ábhartha ón gComhairle maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhealach a bhí, dar leis an gCoimisiún, ina ghníomhaíocht éifeachtach. I gcás na mBallstát nach bhfuil faoin nós imeachta um easnamh iomarcach faoi láthair, rinne an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha agus ar chomhlíonadh na moltaí ábhartha ón gComhairle. Sa chomhthéacs sin, shainaithin an Coimisiún na Ballstáit a chloígh (agus/nó a réamh-mheastar go gcloífidh siad) leis na conairí caiteachais a mhol an Chomhairle, agus na Ballstáit a chláraigh diallas (nó diallais ábhartha) in 2025 agus/nó diallas clárúcháin riosca (nó diallais ábhartha) in 2026. Sa mheasúnú sin, rinne an Coimisiún breithniú cuí ar an gclásal éalaithe náisiúnta[2].

**Tá ról lárnach ag athchóirithe struchtúracha maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a áirithiú.** I gcás na n-ocht mBallstát ar fhormhuinigh an Chomhairle tréimhse choigeartúcháin fhadaithe ina leith[3], rinne an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis na síntí, agus an fhaisnéis a sholáthraítear ina dTuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh freisin. I bhfianaise a mheasúnaithe, measann an Coimisiún, ar an iomlán, go bhfuil na Ballstáit uile lena mbaineann ag comhlíonadh a ngealltanas i dtéarmaí athchóirithe agus infheistíochtaí ar bhealach sásúil.

---

[1] An Bheilg, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Fhionlainn.

[2] Ina theannta sin, bhí an Coimisiún den tuairim go bhfuil cás ann chun nós imeachta um easnamh iomarcach a thionscnamh don Bhulgáir, a láimhseálfar de réir na nósanna imeachta a bunaíodh roimhe seo.

[3] An Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ostair, an Rómáin agus an Fhionlainn.

**Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar cháilíocht an airgeadais phoiblí, lena n-áirítear caiteachas poiblí níos éifeachtúla agus bailiú cánach níos fearr, chun fíorluach a sholáthar do cháiníocóirí agus chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú.** Trí thosaíocht a thabhairt do chaiteachas, é a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus trí chórais chánach a nuachóiriú agus a shimpliú, is féidir díriú ar chaiteachas, an t-ioncam is gá a thiomsú agus tacú leis an athléimneacht eacnamaíoch. Áirítear leis sin córais cúraim sláinte, cúraim fhadtéarmaigh agus pinsean a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe. Le moltaí tírshonracha 2026, moltar do na Ballstáit bearta a dhéanamh freisin chun comhlíonadh cánach a neartú trí bhailiú ioncaim agus riarachán cánach a nuachóiriú agus a dhigiteáil, trí na boinn chánach a leathnú, tríd an meascán cánach a choigeartú chun tacú le hiomaíochas inbhuanaithe, imghabháil cánach a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar phleanáil ionsaitheach cánach chun an chothroime chánach agus an inbhuanaitheacht ioncaim a chosaint.

**An tIomaíochas**

**Bhí an Compás Iomaíochais mar chreat treorach do thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh seo.** A bhuí leis, déantar athchóirithe agus infheistíochtaí a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais maidir leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh agus an timpeallacht ghnó a shimpliú, agus spleáchais straitéiseacha á laghdú agus ár ngeilleagair á ndícharbónú, scileanna agus poist dea-cháilíochta á gcur chun cinn, agus cothroime shóisialta agus comhtháthú á n-áirithiú ag an am céanna. Chun an fheidhmíocht nuálaíochta san Aontas a mhéadú, iarrann an Coimisiún go ndéanfaí níos mó infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T&F agus go ndéanfaí bearta chun córais nuálaíochta a neartú, chun éifeachtúlacht na tacaíochta poiblí don nuálaíocht ghnó a mhéadú, agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú. Chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus chun costais a laghdú, ní mór do na Ballstáit iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú agus cuspóirí beartais agus caighdeáin ábhartha á gcoinneáil ar bun, agus an riarachán poiblí á nuachóiriú an tráth céanna. *Inter alia*, ní mór do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun dlús a chur le heisiúint ceadanna tógála, comhshaoil agus gnó. Ní mór dóibh aghaidh a thabhairt ar inniúlachtaí forluiteacha agus simpliú rialála a shaothrú agus leanúint den riarachán poiblí a dhigiteáil.

**Tá an margadh aonair fós ilroinnte, agus bacainní ar thrádáil seirbhísí, ar mhargaí digiteacha agus ar fhás FBManna.** Is é is aidhm don Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Aonair' agus don Phacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair atá ar na bacáin comhtháthú a dhoimhniú, agus iarrtar ar na Ballstáit i moltaí tírshonracha 2026 deireadh a chur le srianta gan údar ar sheirbhísí trasteorann (e.g. cáilíochtaí gairmiúla, ceadúnú). Go háirithe, is bacainn mhór fós í an chastacht rialála ar thrádáil trasteorann agus ar infheistíocht, go háirithe do FBManna. Moltar do na Ballstáit laghdú a dhéanamh ar bhacainní tírshonracha ar an margadh aonair, go háirithe bacainní a bhaineann le rórialáil, le hualaí arda riaracháin a dhéanann difear do dhul isteach sa mhargadh agus le srianta rialála ar sheirbhísí gairmiúla áirithe. Ar leibhéal an Aontais, is é is aidhm don tionscnamh 'Simplíocht trí Dhearadh' agus do chreat EU Inc. ualaí riaracháin a laghdú agus cuspóirí beartais agus caighdeáin ábhartha á gcoinneáil ar bun, agus seirbhísí poiblí a dhigiteáil. Leathnófar an rochtain atá ag FBManna ar chaipiteal fiontair agus ar chothromas príobháideach leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, go háirithe trí bhearta chun infheisteoirí miondíola a spreagadh lena bheith níos rannpháirtí i margaí caipitil.

**Tá spleáchais straitéiseacha le sárú ag an Aontas maidir le hamhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí agus teicneolaíochtaí cosanta, a fhágann é a bheith neamhchosanta ar shuaití sa slabhra soláthair nó ar bhrúnna geopholaitiúla.** Cuirtear creataí ar fáil ar mhaithe le réitigh éagsúlaithe, chun poist a chur ar bun sa mhargadh baile an athuair agus ar mhaithe le réitigh an gheilleagair chiorclaigh tríd an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um Shliseanna, agus an tStraitéis Slándála Eacnamaíche. Molfar, sa Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach (2026), spriocanna éigeantacha maidir le hábhar athchúrsáilte le haghaidh na bpríomhearnálacha (e.g. ceallraí, ábhair foirgníochta) agus is é is aidhm don Ghníomh um Shliseanna 2.0 (2026) cistiú do mhonarú leathsheoltóirí atá bunaithe san Aontas a leathnú, le breisiú EUR 10 mbilliún ag dul don Chiste um Shliseanna. Iarrtar ar na Ballstáit 'criosanna straitéiseacha leathsheoltóra' a ainmniú faoi 2027, lena gcuirfear dreasachtaí meara ceadaithe agus cánach ar fáil.

**Fostaíocht, scileanna agus gnéithe sóisialta**

**Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le feidhmíocht mhargadh an tsaothair agus caipiteal daonna a fheabhsú, ach ní mór iarrachtaí breise fós a dhéanamh chun na gnéithe sin a threisiú, d'fhonn iomaíochas, táirgiúlacht** agus cuimsiú sóisialta **na hEorpa a fheabhsú**[4]**.** I moltaí tírshonracha 2026, spreagtar na Ballstáit chun tacú le fostaíocht ardcháilíochta, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a fheabhsú, agus forbairt scileanna a neartú trí chórais éifeachtacha oideachais agus oiliúna agus trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus é d'aidhm acu an táirgiúlacht a mhéadú agus tacú le geilleagar sóisialta margaidh athléimneach. Is príomhthosaíochtaí i gcónaí iad feabhas a chur ar thorthaí oideachais, uas-sciliú agus athsciliú, agus meaitseáil níos fearr a áirithiú idir scileanna oibrithe agus éilimh an mhargaidh saothair, go háirithe chun díriú ar ghanntanais saothair agus ganntanais scileanna in earnálacha straitéiseacha. I roinnt Ballstát, tá sé thar a bheith tábhachtach leibhéil fhoriomlána na scileanna a ardú. Tá ganntanas lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna fós ann, go háirithe sna hearnálacha a bhaineann le ETIM agus le cúrsaí digiteacha agus glasa. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna agus don Treochlár um Poist Dea-Cháilíochta scileanna agus cruthú post dea-cháilíochta agus aistrithe post a neartú.

Ní mór tuilleadh iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun go gcomhlíonfaí sprioc an Aontais maidir le laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad, faoi 2030. Iarrtar ar na Ballstáit, i moltaí tírshonracha 2026, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana agus ar na cinn atá ag teacht chun cinn maidir leis an gcothroime shóisialta, lena n-áirítear trí chonairí chuig an margadh saothair a neartú agus trí fhor-rochtain, cumhdach agus leordhóthanacht na scéimeanna íosioncaim a fheabhsú, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta. Tá sé chomh tábhachtach céanna rochtain ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta inacmhainne a áirithiú, chun tacú leo siúd atá thíos leis an mbochtaineacht agus chun nach mbeidh tuilleadh daoine thíos léi, agus ag an am céanna cuidiú le naisc a thabhairt do dhaoine chun go mbeidh teacht acu ar oideachas, oiliúint, cúram sláinte agus ar sheirbhísí riachtanacha eile.

---

4 I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, a glacadh i mí an Mhárta 2026. https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6081-2026-REV-1/en/pdf

**Tá creat leathan cruthaithe a bhuí le tionscnaimh ón Aontas atá dírithe ar an gcothroime shóisialta a fheabhsú, an bhochtaineacht a laghdú, agus an cuimsiú sóisialta a threisiú ar fud an Aontais toisc go meastar go bhfuil siad ríthábhachtach chun an t-iomaíochas, chomh maith leis an athléimneacht agus an comhtháthú sóisialta aníos, a áirithiú.** Féachann an Coimisiún, trí Straitéis an Aontais in aghaidh na Bochtaineachta, le deireadh a chur leis an mbochtaineacht san Aontas faoi 2050 trí chur chuige cuimsitheach comhtháite a úsáid. Tacaítear leis an straitéis sin le gníomhaíochtaí breise chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a neartú, agus é mar aidhm timthriall idirghlúine na bochtaineachta leanaí a bhriseadh. An tráth céanna, cuidíonn beartais láidre chomhionannais agus neamh-idirdhealaithe leis an gcothroime shóisialta a chur chun tosaigh agus lena áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár, i gcomhréir le Straitéisí Aontas an Chomhionannais. Glacadh leis na gnéithe sin go léir i moltaí tírshonracha 2026, i gcás inarb ábhartha.

**Tá an ganntanas tithíochta agus an t-ardú ar phraghsanna ag cur leis na neamhionannais shóisialta, go háirithe i gceantair uirbeacha.** Is é is aidhm don Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne agus don Straitéis um Thógáil Tithíochta borradh a chur faoin soláthar agus próisis ceadaithe a chuíchóiriú. Ní mór méadú 15 % a dhéanamh ar an stoc tithíochta sóisialta faoi 2030, dar leis an gCoimisiún, agus cistí (EUR 43 bhilliún) ón Aontas á gcur ar fáil le haghaidh athchóiriú agus tógálacha nua. Cuireadh roinnt moltaí tírshonracha faoi bhráid na mBallstát chun cur leis an soláthar tithíochta, go háirithe trí nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus tithíocht shóisialta a neartú.

**Iarrtar i moltaí tírshonracha 2026 freisin ar rialtais náisiúnta bearta a dhéanamh chun an rialachas fonáisiúnta a neartú a thuilleadh, i gcás inarb ábhartha.** Is príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an Aontas ina iomláine iad rochtain ar sheirbhísí riachtanacha a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha shocheacnamaíocha agus slándála atá roimh réigiúin na teorann thoir. I bhfianaise an mhéid sin, mar thoradh ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha 2025 maidir le comhtháthú críochach, tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le héagothromaíochtaí críochacha a chúngú agus rialachas a threisiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Rinneadh dul chun cinn i roinnt Ballstát maidir le hathchóirithe ar rialachas fonáisiúnta, agus mar sin, tá feabhas tagtha ar sholáthar seirbhísí, agus ar sheirbhísí poiblí áitiúla, lena n-áirítear trí dhigiteáil níos fearr.

**Conclúid**

Leagtar béim sa nóta cothrománach seo ar a thábhachtaí atá an Seimeastar Eorpach mar shásra le haghaidh faireachas iltaobhach agus chun beartais a chomhordú ar fud an Aontais, agus ar an gcaoi sin tacaítear leis an iomaíochas agus le fostaíocht ardcháilíochta chomh maith le hathléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta. I ndáil leis an méid sin, a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle iad, d'fhéadfadh na moltaí tírshonracha feidhmiú mar threoir luachmhar do na Ballstáit, mar chabhair chun cur chuige comhleanúnach réamhbhreathnaitheach a áirithiú maidir le dúshláin atá ag teacht chun cinn.